# Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016

### *Cúlra*

Déantar foráil san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 chun fostaithe a chosaint in aghaidh dífhostú nó dochair eile a tharlóidh de bharr gur tharraing siad ábhar b'údar imní dóibh anuas le hintinn mhaith maidir le héagóir fhéideartha a thug siad faoi deara san áit oibre. Leagtar síos san Acht roinnt bealaí ar féidir nochtuithe a dhéanamh – mar shampla, le fostóir an duine agus, i gcásanna áirithe, le duine 'forordaithe' seachtrach.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste de réir na reachtaíochta a bhaineann le nochtadh cosanta (Ionstraim Reachtúil 339 de 2014). Fágann sé sin go bhféadfar nochtuithe a dhéanamh leis an Oifig faoi aon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó le luach ar airgead i leith eintiteas atá laistigh de théarmaí tagartha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ainmnithe san Acht (Alt 17) freisin mar an duine seachtrach ar cóir nochtuithe cosanta ina bhfuil faisnéis faoi cháiníocóirí a dhéanamh leis.

Ní ceadmhach don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste aon nochtuithe den sórt sin a iniúchadh ná tuairisc a thabhairt orthu ach amháin ar bhealach atá ag teacht lena ról agus lena chearta agus dualgais reachtúla, agus atá iomchuí dóibh.

Tá cáipéis dar teideal *Policy and Procedures for Disclosures to the Office of the Comptroller and Auditor General* le fáil anseo.

### *Tuarascáil Bhliantúil 2016*

Éilítear ar gach uile chomhlacht poiblí le hAlt 22 den Acht tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina leagtar amach líon na nochtuithe cosanta a fuarthas sa bhliain roimhe agus an beart a rinneadh (más ann). Caithfidh sé nach bhféadfar na daoine a rinne nochtuithe a aithint mar thoradh ar an tuarascáil sin.

Baineann an tuarascáil seo de bhun Alt 22 den Acht leis an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2016.

Tuairiscíodh don Oifig idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2016 trí ábhar a bhfuair na tuairisceoirí amach fúthu i gcúrsa a bhfostaíochta, agus a bhain le comhlachtaí atá laistigh de théarmaí tagartha Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tuairiscíodh trí ábhar eile gan ainm, inar mhaígh na tuairisceoirí go bhfuair siad an fhaisnéis i gcúrsa a bhfostaíochta. I ngach cás, cuireadh na hábhair arna dtuairisciú ar aghaidh chuig an bhfoireann iniúchta chuí ionas go bhféadfaidís iad a chur san áireamh, de réir mar is iomchuí, agus obair iniúchta á pleanáil amach anseo.

Laistigh de thréimhse na tuarascála seo, ní dhearna aon bhaill foirne de chuid na hOifige ná aon duine eile aon nochtuithe leis an Oifig maidir le hobair na hOifige.

**An 20 Meitheamh 2017**